IARSCRÍBHINN B TEIMPLÉAD 'ADMHÁIL FÁLA'

Admháil go bhfuarthas ilghearán maidir le sárú a líomhnaítear a rinne an Iodáil ar rialacha de chuid an Aontais agus de chuid Chomhairle na hEorpa maidir leis an neamh-idirdhealú agus le cosaint oibrithe ar théarma seasta, go háirithe Airteagal 14 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, Airteagail 20 agus 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, agus Treoracha 2000/78, 2006/54 agus 1999/70.

Uimhir thagartha: CHAP (2021)03439

Taifead fostaíochta múinteoirí i 'scuole paritarie' (scoileanna príobháideacha creidiúnaithe), tá lear mór gearán faighte ag an gCoimisiún Eorpach faoi nach n-aithnítear an taifead céanna chun grád pá na múinteoirí sin a chinneadh agus iad á bhfostú i scoileanna poiblí.

Tá sé curtha in iúl ag na gearánaithe gur córas é córas oideachais náisiúnta na hIodáile ina bhfuil scoileanna stáit agus 'scuole paritarie' creidiúnaithe, is é sin le rá scoileanna táille ina leantar siollabas na scoileanna stáit. Scoileanna nach scoileanna stáit iad a dhéanann iarratas ar chreidiúnú, bronntar an creidiúnú orthu ar choinníoll go gcomhlíonann siad coinníollacha áirithe a fhíoraíonn an Stát, coinníollacha maidir le cáilíochtaí múinteoirí, mar shampla. Taithí a fuarthas i scoileanna príobháideacha creidiúnaithe, cé go n-aithnítear an taithí sin chun conarthaí teagaisc ar théarma seasta a bhronnadh i scoileanna stáit, tugann na gearánaigh le fios gurb amhlaidh, faoi Airteagal 485 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 297 an 16 Aibreán 1994, nach n-aithníonn Aireacht Oideachais na hIodáile an taithí sin i dtaca le cinneadh na ngrád pá le haghaidh baill nua-earcaithe d'fhoireann teagaisc, agus nach n-aithníonn sí chuige sin ach an taithí a fuarthas i scoileanna stáit nó ina gcomhionann.

Rinne an Coimisiún na gearáin sin a iontráil i gclárlann lárnach na ngearán faoin uimhir thagartha CHAP(2021)03439. Más mian leat tuilleadh eolais a chur isteach maidir le do ghearán, is féidir leat an t-eolas sin a chur chuig na pointí teagmhála a liostaítear anseo. Is ceart an uimhir thagartha a luaitear thuas a chur san áireamh.

De bharr go bhfuair an Coimisiún lear mór gearán maidir leis an ábhar seo, sin agus d'fhonn freagairt go tapa agus na daoine lena mbaineann a chur ar an eolas, agus fós i bhfianaise gur ábhar é seo atá tugtha i gceist ag na gearánaigh arbh fhéidir gur chun leasa sciar leathan den phobal é, tá an admháil fála seo á foilsiú ag an gCoimisiún ar an leathanach tiomnaithe de shuíomh gréasáin Europa freisin. Torthaí an scrúdaithe atá á dhéanamh ag an gCoimisiún ar na gearáin sin, is ar an mbealach céanna a chuirfear in iúl do na gearánaithe iad, iad sin agus an aon bheart leantach a chinnfeadh an Coimisiún a dhéanamh.

Déanfaidh an Coimisiún an gearán a mheas i bhfianaise an dlí is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar síos sa Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Dlí an Aontais Eorpaigh: Torthaí níos fearr a bhuí le cur i bhfeidhm níos fearr'[1].

Tabhair do d'aire, má chinneann an Coimisiún nós imeachta foirmiúil um shárú a sheoladh de bharr do ghearáin, is éard is aidhm don nós imeachta sin a áirithiú go bhfuil dlíthe na mBallstát i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh agus go gcuirtear i bhfeidhm i

[1] C(2016)8600.

gceart iad. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach réiteach ar do chás sainiúil féin gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Chun sásamh a fháil, cúiteamh san áireamh má tá sin dlite duit, ba cheart duit dul chun caingne ar leibhéal an Bhallstáit lena mbaineann. Gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin, ní rud é a chuireann ar fionraí na teorainneacha ama maidir le caingean dlí a thionscnamh faoin dlí náisiúnta. Ina theannta sin, agus an Coimisiún ag feidhmiú na lánrogha atá aige, féadfaidh sé cinneadh gan tús a chur le nósanna imeachta foirmiúla um shárú, fiú má mheasann sé gur sáraíodh dlí an Aontais Eorpaigh.

Is é an réamhshocrú atá ann gur faoi rún a dhéileálfaidh seirbhísí an Choimisiúin le do ghearán. An cás ina roghnódh gearánach san fhoirm ghearáin nach faoi rún a dhéileálfaí lena chuid sonraí, sin é an t-aon chás amháin ina bhféadfadh ranna an Choimisiúin céannacht an ghearánaigh maille le haon fhaisnéis eile a chuir an gearánach sin faoina mbráid a nochtadh d'údaráis an Bhallstáit a ndearnadh an gearán ina choinne. An Coimisiún céannacht an ghearánaigh a nochtadh, is féidir gur rud é a bheadh riachtanach i gcásanna áirithe chun déileáil leis an ngearán.

Tá sainráiteas príobháideachais i bhfeidhm maidir le láimhseáil na ngearán.